



Foireann measúnaithe allamuigh EOECNA Stéphane Legal agus Antonio García Jiménez le linn a cuairt misin ar Mhainistir na Coille Móire, agus beirt d'foireann na Geopháirc, Dominic Ó Móráin (C) agus Michael Hegarty ar gach taobh acu.

Misean allamuigh EOECNA curtha i gcrích

Thug foireann beirte cuairt i lár mhí Iúil 2023

Thug beirt mheasúnóirí a bhí mar ionadaithe Gheopháirceanna Domhanda EOECNA cuairt ar Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an larthair i lár mhí Iúil. Chaith Stéphane Legal (geolaí ó Gheopháirc Dhomhanda EOECNA i Luberon na Fraince) agus Antonio García Jiménez (feidhmeannach forbartha inbhuanaithe ó Gheopháirc Dhomhanda EOECNA i Sierras Subbéticas na Spáinne), trí lá iomlána agus dhá leathlae anseo, chun na príomhthréithe agus na seirbhísí a fhiosrú inár réigiún geophárce agus ár n-iarratas a mheas. Beidh siad ag cur tuairisce ar ais chuig Geopháirceanna Domhanda EOECNA (UGG) maidir leis an gcaoi a bhfuil Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an larthair réitithe chun stádas UGG a bhaint amach.

Tá an critéar crua, mar atá leagtha amach sa [bhfoirm fhéinmheasúnaithe](#). Tógfaidh na measúnóirí tuarascáil mhionsonraithe ansin, lena n-áirítear anailís dhian ar an gcóras rialachais agus bainistíochta, oidhreacht gheolaíochta, caomhnú, forbairt inbhuanaithe len n-áirítear forbairt agus cur chun cinn na turasóireachta, agus timpeallacht. Rachaidh tuairisc na measúnóirí chuig Comhairle na nGeopháirceanna Domhanda EOECNA dá gcruiinníú i mí Mheán Fómhair. Cuireann an Chomhairle comhairle ar an mBord EOECNA ar fad, agus beidh an cinneadh deireanach le foilsíú am éigean in earrach 2024. D'ullmháíomar plean turais misin leathan a chlúdaíonn raon gnéithe geopháirc. Tá mionsonraí agus grianghraif ar fáil anseo thíos, agus iad roinnt sna trí lá iomlána den mhisean. Bhí an tacaíocht a fuaireamar ó phobail, ó ghnólachtaí, ó mhaoinitheoirí, agus ó pháirtithe leasmhara eile de chuid Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an larthair iontach don mhisean - míle buíochas go léir.

LÁ 1: Dé Céadaoin, an 12 Iúil

Siúlód ar gheochonair Mhám Éan / Turas treoraithe Mhainistir na Coille Móire, Gairdíní, Séipéal Gotach / Imeacht Lón do réimse páirtithe leasmhara Mhainistir na Coille Móire - campas Notre Dame / Turas báid ar Fhiord an Chaoláire Rua, amharcphointí Shlí an Atlantaigh Fhiáin / Turas Ionad Eachtraíochta an Chaoláire Rua.



Measúnóirí Gheopháirc Dhomhanda EOECNA, feirmeoir Colm Gavin (dearg) i Mám Éan le foireann Gheopháirc Dominic Ó Móráin agus Benjamin Thébaudeau

Roinnt aíonna ag imeacht Lón Mhainistir na Coille Móire - campas Notre Dame (thíos freisin)

Trish Walsh (GeoTreallús DSLI) agus Michael Hegarty (bainisteoir Gheopháirc) le measúnóirí ar an gCaoláire Rua



Foireann na Geopháirce, feirmeoir ón Líonáin Colm Gavin agus measúnóirí EOECNA ag aireagal Mhám Éan

I Mainistir na Coille Móire Príomhfeidhmeannach Chomhairle Contae na Gaillimhe Liam Conneelly, Stiúrthóir Seirbhísí Alan Farrell, Fáilte Éireann Daithí Gallagher, Bainisteoir Margaíochta Mainistir na Coille Móire Jessica Ridge, GDE Stéphane Legal & Antonio Garcia, & Geolai Geopháirce Benjamin Thébaudeau

An Dr. Siobhán Power (Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann) ag labhairt le haíonna ag imeacht Lón Mhainistir na Coille Móire - Notre Dame

LÁ 2: Déardaoin, an 13 Iúil

Ionad Caorach & Olann an Líonáin / Olann Dhúiche Sheoigheach (Joyce Country Wool), Seanadh Farracháin, geoshuíomh Loch na Fuáiche / Fhionnaithe / imeacht lón le Chalet na mBan, Lásá Áth Cinn (Headford Lace), Plean Teanga Dhúiche Sheoigheach & Thuar Mhic Éadaigh, Comharclumhaonn Dhúiche Sheoigheach / turas báid go hOileán Inis an Gháill / Siúlód thart timpeall ar shráidbhaile gheopháirce Chonga / Ionad Crosbhóthair Chonga, imeacht béile éadroim le líonraí (pobail - oidhreacht, gnólachtaí, oideachas), Údarás na Gaeltachta agus comhairleoirí áitiúil le bia áitiúil agus ceol.



Treoraí an Ionaid Chaorach & Olann Séamus Kirwan le measúnóirí EOECNA Stéphane agus Antonio

Carina Coyne ag sníomh ag a gnó Olann Dhúiche Sheoigheach, Seanadh Farracháin, Co. na

Ger Hassett (Lásá Áth Cinn) agus Peggy Philbin ó Chalet na mBan ag imeacht lón a d'óstáil CDS



Treoráí Chonga Vincent Campbell ag comhairle geopháirce le measúnóirí EOECNA & geoláí Geopháirce

Dominic Ó Móráin (Geopháirc) agus rannpháirtithe ag imeacht pobail ag Ionad Crosbhóthair Chonga

Measúnóirí EOECNA ag baint triail as lónsaí na hInse le linn imeacht pobail ag Crosbhóthar

LÁ 3: Dé hAoine, an 14 Iúil

Cuairt ar Mhainistir Bhaile an Tobair lena n-áirítear treoracha & fáiltiú / cuairt ar Halla Uí Mordha & Loch Ceara, geoshuíomh / Cuairt ar shráidbhaile Achadh Ghobhair / cuairt ar oifig ionad eolais Geopháirce, Coiste Pobail a óstáil & lón éadrom / cuairt ar Dhrioglan Loch Measca & geoshuíomh na Deirceanna / geoshuíomh pábháil aolchloiche Choill na Fairche.



An tAthair Fahy, Alan Dillon TD, agus comhairleoirí contae Mhaigh Eo i measc aíonna ag fáiltiú Mhainistir Bhaile an Tobair

Ionadaithe ó thionscadal Life Loch Ceara agus Dobharchumann ag Halla Uí Mordha

Treoráí áitiúil Achadh Ghobhair Olcan Masterson ar stair na reilige agus an chloigthí



Tomás Ó Éanacháin, John Gibbons, Nora McHugh ag óstáil cuairt chuig Túr Mhic Éadaigh le measúnóirí

Ag blaiseadh na n-earraí chun críoch a chur le turas ar Dhrioglan Loch Measca, Túr Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo

Oidhreacht gheolaíoch a bhaineann le cosán aolchloiche Choill na Fairche a phlé



Ionadaithe Idirghabhála na Geopháirc, ó lardheisceart Mhaigh Eo den chuid is mó, ar thuras FAM ar phobail thuaisceart Chonamara



Ionadaithe Idirghabhála ó phobail i dtuaisceart Chonamara ag tabhairt cuairt ar Halla Uí Mórdha agus ar Loch Ceara



Am caifé do chuid de bhaill Líonra Gnó na Geopháirc taobh amuigh de bhácús Bácús, an Fhairche



Ionadaithe ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, Fáilte Éireann, Ollscoil Notre Dame ag bualadh le gnólachtaí áitiúla san Fhairche

Cuaireanna eolais do phobail, do ghnólachtaí, agus do mhaoinitheoirí

Cabhraíonn turais eolais linn na hacmhainní agus na deiseanna iontacha atá ar fáil inár nGeopháirc a aithint

Bhí tuilleadh cuaireanna eolais (FAM) ar bun sa Gheopháirc le linn Ceathrú 2 den bhliain seo. Cabhraíonn siad le daoine gnéithe ár ngeopháirce agus a bpobail a thuiscint. Is bealach atá ann roinnt scéalta geolaíocha, oidhreacht nádúrtha agus thógtha agus chultúrtha, modh maireachtála, féilte agus imeachtaí, rudaí is díol spéise iad, gníomhaíochtaí agus smaointe d'fhorbairt amach anseo agus is iontach an rud iad ar fad a chur ar taispeáint. Mar sin, Dé Sathairn an 1 Aibreán, chuir dosaen Ionadaí Idirghabhála ó iardheisceart Mhaigh Eo den Gheopháirc fáilte roimh phobail ó thuaisceart Chonamara. Bhí imeachtaí ar siúl sa Lónáin, i Mainistir na Coille Móire, Sraith Salach, an Mhám, Corr na Móna agus an Fhairche. Ansin, Dé Sathairn an 15 Aibreán, thug Ionadaithe Idirghabhála ó thuaisceart Chonamara cuairt ar iardheisceart Mhaigh Eo lena n-áirítear Conga, Baile an Róba, Ceathrú na Con, Baile an Tobair, Coill an Bhaile, Tuar Mhic Éadaigh agus ar fud teorainn an chontae ag an bhFairche. D'éirigh le gach rannpháirtí agus óstach luach maith a fháil ó na cuaireanna. Thug go leor acu faoi deara an méid bheag a bhí ar eolas acu faoi na gnéithe, na forbairtí agus na dúshláin i bpobail gheopháirce eile, fiú iad sin i ngar dóibh. An 2 Bealtaine, stop an turas líonraithe gnó ag Corr na Móna (Eachtraíochtaí Loch Coiribe), siúlódar Sheanbhóthair na Fairche agus an báicéir Bácús, gníomhaíocht lasmuigh i gCeapach Chorcóige, lón ag Tigh Carney Baile an Róba, cuairt ar Mhainistir Bhaile an Tobair, agus an t-ionad eolais geopháirce agus oifig Thúr Mhic Éadaigh. I lár mhí na Bealtaine, thaispeánamar an áit d'oifigigh ón ngrúpa maoinithe - Comhairle Contae Mhaigh Eo, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus Údarás na Gaeltachta (Bhí dátaí ag teacht salach ar a chéile i nGaillimh agus ghlac Fáilte Éireann páirt ag deireadh mhí Feabhra).

**Holes in the ground:
The karst landscape of JCWL Geopark**



Lough Mask **Limestone** **Clastic sedimentary rocks** **Lough Corrib**

**Series of talks on Saturday 19 August
7 to 9pm at the Crossroads, Cong, F31PY97
for National Heritage Week**

- David Drew on Development of the local karst landscape
- Mike Simms on the Limestone plateau and its special features
- Fintan Gorman on the History of Cong Canal
- Launch of the Geopark's new animated video

Free event open to all



A free walk to the limestone pavement geosite in Clonbur will take place on Sunday 20 August from 10am departing from Roshill cemetery



QR code: 

www.joycecountrygeoparkproject.ie

 **National Heritage Week**
A Heritage Council programme

Poill sa Talamh

Scrúdú ar ár dtírdhreach boirne

Díríonn imeachtaí ár Seachtain Oidhreachta i mbliana ar thírdhreach boirne ár ngeopháirce in oirthean réigiún. Beidh an príomhimeacht ar siúl, 7 go 9pm **Dé Sathairn an 19 Lúnasa** ag Ionad Pobail Chrosbhóthair Chonga, ina mbeidh sraith cainteanna ag saineolaithe náisiúnta agus áitiúla faoin mbealach a dhéanann aolchloch réigiún Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair chomh speisialta sin. Rinneadh físeán beoite ar fhorbairt ár dtoibreacáha áitiúla agus ár dtoibreacáha beannaithe, uaimheanna, cosán aolchloiche, Loch marla ag Loch Ceara mar aon lenár dturlach áitiúla de chuid foireann na geopháirce le maioniú ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann. Seolfaí an físeán tar éis cainteanna ó:

- **David Drew**, údar an leabhair “Karst of Ireland”, faoin tírdhreach áitiúil a fhorbairt trínár stair gheolaíochta
- **Mike Simms**, coimeádaí sinsearach ar Eolaíochtaí Nádúrtha i Músaem Uladh, ar ghnéithe a fuarthas ar chosán aolchloiche ar chladaí ár lochanna móra
- **Fintan Gorman**, staraí áitiúil, ar an stair a bhain le Canáil Chonga a fhorbairt.

An lá dár gcionn, **ó 10am Dé Domhnaigh an 20 Lúnasa**, beidh síulóid ar an gcosán aolchloiche ar chladaí Loch Measca i gCoillte na Fairche, ag fágáil ó Reilig Chnoc Rois. Glacfaidh sé 2 uair a chloig ar a laghad, agus beidh sé faoi cheannas Geolaí na Geopháirce, Benjamin Thébaudeau, in éineacht le Mike Simms agus David Drew. Féach [Lioстáil Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta](#).



Laistigh den ollphuball
mór ag Féile Mhargadh
Bia Chonga i mí Iúil

Réidh don oíche ag
Headfest 2023 agus an
ghrian ag dul faoi

Blaiseadh den
atmaisféar ag Féile
Bhaile an Róba 2023

Séasúr na féile i réigiún na Geopháirce

Margadh Bia Chonga, féilte Bhaile an Róba agus Headfest

Agus séasúr féile an tsamhraidh faoi lán seoil lena n-áirítear réigiún na Geopháirce, thug na heagraithe faoi deara go raibh freastail an-mhaith ag daoine áitiúla agus cuairteoirí araon ar na himeachtaí. Tharraing Féile Mhargadh Bia Chonga sluaite tuairteora ar gach aon cheann den dá lá an 8 agus an 9 Iúil. Ní raibh aon easpa spéise, atmaisféir agus craic i bhFéile Bhaile an Róba agus ag Headfest (Áth Cinn). Déan muid a chlibeáil ar na meáin Shóisialta [@JCWLGeopark](#) chun aird a tharraingt ar do phobal agus an fhéile a chur chun cinn. Féach ar roinnt dátaí sa chéad mhír eile thíos.



Roinnt imeachtaí a bheidh ar siúl i gceantar na Geopháirce

Lúnasa & Meán Fómhair 2023

[Comórtas iascaireachta breac an domhain](#), Loch Measca, [Baile an Róba](#), Maigh Eo. An 2-an 6 Lúnasa


[Ceol na Locha](#), ranganna ceoil thraigisiúnta agus féile, [Tuar Mhic Éadaigh](#), Maigh Eo. An 14-an 18 Lúnasa

[Seachtain Oidhreachta Náisiúnta](#), Imeachtaí in áiteanna éagsúla sa tír, an 12-an 20 Lúnasa

[Seó Talmhaíochta agus Gairneoireachta Uachtar Ard](#), [Uachtar Ard](#), Gaillimh. Dé Domhnaigh an 27 Lúnasa

[Féile na Sléibhte](#), Corr na Móna, An Fhairche, An Teach Dóite, Fionnaithe, Co na Gaillimhe & Co Mhaigh Eo. An 25-an 27 Lúnasa

[Seó Talmhaíochta Bhaile an Róba](#), [Baile an Róba](#), Maigh Eo. Dé Domhnaigh, an 3 Meán Fómhair




Dhá shampla de chomharthaíocht sa Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair: ar chlé tá comhartha 'pointe iontrála' ar an N84 ag druidim le Baile an Tobair ó thuaidh; ar dheis tá comhartha an phobail i gCoill an Bhaile,

Comharthaíocht na Geopháirce

Ceithre chineál comharthaíochta d'infheictheacht Geopháirce

B'fhéidir gur thug daoine a bhfuil súil ghéar orthu níos mó comharthaíochta ag dul in airde faoi deara i sráidbháile agus i mbailte na Geopháirce. Áirítear orthu siúd comharthaíocht ar gheoshuíomhanna, le hachoimre ar shuntas geolaíochta agus eolas ar ghnéithe cultúrtha agus oidhreachta eile, más cuí. Tá comharthaí freisin ann a léiríonn pointí iontrála chuig an Gheopháirc, comharthaí sna sráidbhailte agus sna bailte a léiríonn pobail Gheopháirce. Tá na pobail agus iad siúd sa líonra gnó geopháirce ag fáil comharthaí freisin a léiríonn an léarscáil geolaíochta áitiúil le cur in airde ina n-ionad pobail agus ina ghnólachtaí féin. Táimid ag oibriú go dlúth air seo le 20 pobal/lonnaíocht sa Gheopháirc, mar aon le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae na Gaillimhe. Mar atá a fhios ag léitheoirí, is gnéithe tábhachtacha iad an chomharthaíocht agus eolas d'infheictheacht foriomlán Geopháirce. Táimid ar an eolas freisin, go mbeadh cothromáiocht idir eolas maith geopháirce agus infheictheacht do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí, agus an iomarca de a sheachaint.



Agus coinnigh súil amach do ...

Deiseanna maoinithe do phobail agus do ghnólachtaí

Inár nuachtltreacha ráithiúla Geopháirce leagfaimid béisim ar eolas nua agus ábhartha faoi mhaoliniú agus scéimeanna atá ar fáil chun do phobail agus do ghnólachtaí a forbairt. Ní mhaímid go bhfuil eolas againn fúthu, ach le himeacht ama táimid ar thóir bunachar sonraí scéimeanna a úsáidimid chun ár léitheoirí a chur ar an eolas tríd an nuachtlitir agus trí na hlonadaithe Idirghabhála Geopháirce. Tá an Roinn Forbartha Tuithe agus Pobail tar éis seoladh [Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile 2023](#) a fhógaírt. Dírítear ar dhul i ngleic le folúntas agus ar fhoirgnimh thréighe agus níos mó custaiméirí a thabhairt go lár na mbailte. Freisin, dírítear ar thograí lasmuigh a forbairt cosúil le pláis, páirceanna, clóis súgartha agus spásanna glasa. Tugtar tacaíocht d'fheirmeoí agus do mhargaí ceardaíochta faoin scéim. Is é an spriocdháta do Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile ná an 10 Samhain 2023. Féach eolas Maoinithe

agus Deontais faoi stiúir ag [Comhairle Contae Mhaigh Eo](#) agus [Comhairle Contae na Gaillimhe](#) agus [Údarás na Gaeltachta](#). Cuimhnigh freisin ar na hoiliúintí agus na tacaíochtaí a thugann [Oifig Fiontair Áitiúil Mhaigh Eo](#) agus [Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe](#) – agus go leor acu atá saor in aisce. Bhainfeadh do ghrúpaí pobail leas as nuashonruithe faisnéise trí dhul isteach sna Líonaí Rannpháirtíocha Poiblí (PPN) i [nGaillimh](#) agus [Maigh Eo](#). Tugann chomh maith [Forbairt Iardheisceart Mhaigh Eo](#) agus [Fóram Chonamara](#) go leor scéimeanna tacaíochta. Mar fhocal scoir Baineann neart féidearthachtaí le músaem bheaga a chruthú faoi oidhreacht áitiúil sna pobail Gheopháirc. D'fhéadfaidís a bheith bunaithe i bhfoirgneamh feirme tréigthe athchóirithe nó struchtúr sráidbhaile. Éist leis an ngearrthóg 8 nóiméad le haghaidh smaointe ó sheó [The Business](#), RTÉ Raidió 1 Dé Sathairn an 22 lúil. Greann ar leith ... ach tá an-mhianach ann.



TIONSCADAL GEOPHÁIRC

Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair

JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT



Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair

Halla Thuar Mhic Éadaigh, F12D990, Tuar Mhic Éadaigh

F: (+353) 094 9000245

R: info@jcwlgeopark.ie

Seoladh an ríomhphost seo chuig {{contact.EMAIL}}
Tá sé faigte agaibh toisc gur liostáil sibh lenár liosta postála.

Amharc sa bhrabhsálaí | Díliostáil

